



An Bhruiséil, 10 Nollaig 2024
(OR. en)

16779/24

**Comhad Idirinstiúideach:
2024/0319(COD)**

**AGRI 879
AGRIORG 182
AGRIFIN 145
AGRILEG 457
CODEC 2313**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	10 Nollaig 2024
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2024) 577 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 577 final.

Faoi iamh: COM(2024) 577 final



An Bhruiséil, 10.12.2024
COM(2024) 577 final

2024/0319 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a
mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Trí athchóirithe comhleanúnacha, d'aistrigh an Comhbheartas Talmhaíochta ('CBT') i dtreo tacaíocht ioncaim agus díriú ar an margadh le saorshocrú praghsanna le haghaidh táirgí talmhaíochta. D'fhreagair na hathchóirithe sin go príomha do dhúshláin, barrachais agus géarchéimeanna inginiúla. Mar sin féin, tá an chuid is mó de dhúshláin earnáil na talmhaíochta á spreagadh ag tosca atá lasmuigh den talmhaíocht agus a bhfuil freagairt bheartais níos leithne ag teastáil ina leith.

Déantar foráil le CBT maidir le bearta áirithe arb é is aidhm dóibh seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú. Mar sin féin, meastar go mbeidh brú ar ioncaim talmhaíochta fós de réir agus feirmeoirí ag tabhairt aghaidh ar rioscaí atá ag dul i méid, ar chostais ionchuir atá ag ardú agus ar cheanglais táirgthe níos déine.

Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá méadú nach bhfacthas riamh roimhe tagtha ar chostais ionchuir talmhaíochta a bhaineann le fuinneamh agus tá tréimhse fhada boilscithe ann, rud a dhéanann difear do chostais feirmeoirí agus do phraghsanna bia. An tráth céanna, leanann feirmeoirí d'iarrachtaí a dhéanamh a dtáirgeadh a dhéanamh níos inbhuanaithe i gcomhréir le caighdeán an Aontais.

Thairis sin, rinne go leor tomhaltóirí, a bhíonn ag dul i ngleic le costas maireachtála méadaithe, a bpatrúin tomhaltais a dhíriú ar tháirgí bia nach bhfuil chomh costasach céanna. Leis sin, rinneadh dáileadh an bhreisluacha feadh shlabhra an tsoláthair bia a dhíchobhsú a thuilleadh, rud a chruthaigh éagobhsaíocht i leithdháileadh brabús agus costas idir gníomhaithe an tslabhra, rud a spreag agóidí agus a mhéadaigh an mhímhuinín.

An 15 Márta 2024, chuir an Coimisiún páipéar machnaimh ar aghaidh inar fhógair sé sraith beart atá beartaithe chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a fheabhsú. Áiríodh leasú spriocdhírítithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus ar na Rialacháin ghaolmhara CBT sa sraith beart a d'fhógair an Coimisiún.

Thacaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 26 Márta 2024 le bearta a fógraíodh sa pháipéar machnaimh.

Sna Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024-2029, cuirtear i dtábhacht gur gá d'fheirmeoirí ioncam cothrom leordhóthanach a bheith acu agus gur gá na míchothromaíochtaí atá faoi láthair a cheartú, seasamh na bhfeirmeoirí a neartú agus iad a chosaint a thuilleadh ar chleachtais éagóracha trádála.

Thairis sin, sa Phlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach, a d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh ina hAitheasc ar Staid an Aontais an 13 Meán Fómhair 2023 agus a seoladh i mí Eanáir 2024, inar tugadh le chéile 29 bpríomhpháirtí leasmhar ó earnálacha agraibhia na hEorpa, ón tsochaí shibhialta, ó phobail tuaithe agus ón saol acadúil ina thuarascáil deiridh¹, iarradh go ndéanfaí coigeartuithe ar sheasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha. Cuirtear chun suntais go soiléir sa tuarascáil maidir le Prionsabail Pholaitiúla Threoracha an Phlé Straitéisigh nach mór feirmeoirí agus gníomhaithe eile sa bhiaslabhra a bheith in ann ioncam cuibhiúil a dhéanamh faoi dhálaí an mhargaidh

¹ [Plé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach.](#)

agus nach mór an caidreamh cumhachta sa bhíashlabhra a bheith dea-chothromaithe. Sa chéad chaibidil de mholtaí an Phlé Straitéisigh, pléitear le slabhra luacha an bhia atá cothrom agus iomaíoch trí sheasamh na bhfeirmeoirí i slabhra luacha an bhia a neartú. Tagraíonn moltaí, go háirithe, do chonarthaí, lena n-iarrrtar sonraí maidir le costais táirgthe agus praghsanna a mheas mar ghnéithe ábhartha i gcaibidlíocht chonarthaigh, agus don fhéidearthacht tús a chur le caibidlíocht i gcás méadú eisceachtúil ar chostais. Luann siad freisin an tábhacht a bhaineann le sásraí idirghabhála. Maidir le comhar, iarrann siad go ndéanfar Eagraíochtaí Táirgeoirí, Comhlachais Eagraíochtaí Táirgeoirí a threisiú, agus go ndéanfar a bpróiseas aitheantais a shimpliú agus go dtabharfar tacaíocht spriocdhírithé ina bhfabhar. Aithnítear sa Phlé Straitéiseach go bhfuil an tábhacht chéanna ag baint le gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta den inbhuanaitheacht le haghaidh shochaithe na hEorpa i gcoitinne agus le haghaidh na gcóras agraibhia go háirithe, agus gur cheart le CBT torthaí dearfacha comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn agus tacú le héagsúlú na samhla gnó inbhuanaithe, lena n-áirítear, mar shampla, slabhraí soláthair gairide.

I gcomhréir leis na moltaí sa tuarascáil maidir leis an Idirphlé Straitéiseach, is iomchuí, dá bhrí sin, bearta a dhéanamh chun seasamh conarthaigh na bhfeirmeoirí a neartú agus chun muinín na gníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia a athchothú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leagtar amach cuspóirí CBT in Airteagal 39 CFAE.

- táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí ascnamh teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe;
- mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;
- margáí a chobhsú;
- a chinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;
- a áirithiú go mbíonn soláthairtí á bhfáil ar phraghsanna réasúnta ag tomhaltóirí.

Tá an togra seo comhsheasmhach leis na cuspóirí sin agus le fealsúnacht ghinearálta na Rialachán CBT atá i bhfeidhm faoi láthair (an Rialachán maidir le Comheagrú na Margáí², Rialachán na bPleananna Straitéiseacha CBT³, agus an Rialachán maidir le CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air⁴).

² Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margáí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/2024-05-13>).

³ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/2024-05-25>).

⁴ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/2022-08-26>).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra seo leasaítear líon teoranta forálacha de na Rialacháin CBT atá i bhfeidhm faoi láthair, gan bunbhí na bhforálacha sin a athrú. Ós rud é go bhfuil na forálacha sin comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, tá an togra comhsheasmhach leis na beartais sin freisin.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEAIGHT AGUS COMHRÉIREAIGHT**

- **An bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo an chéad fhomhír d’Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ar na cúiseanna seo a leanas: (i) leasaítear leis an togra Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116, atá go léir bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE; agus (ii) tá Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 bunaithe freisin ar an gcéad fhomhír d’Airteagal 42 CFAE agus tá forálacha sa togra seo freisin lena rialaítear cur i bhfeidhm nó neamhchur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leis an togra seo leasaítear Rialacháin atá ann cheana a glacadh ar leibhéal an Aontais agus atá infheidhme i ngach Ballstát.

Leis na leasuithe, féachtar le seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) na rialacha maidir le haitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí a shimpliú; (ii) na rialacha maidir le conraitheoireacht a threisiú; (iii) rialacha a leagan amach maidir le téarmaí roghnacha trasearnála a úsáid le haghaidh ‘cothrom’, ‘cothromasach’ agus téarmaí coibhéseacha, agus le haghaidh ‘slabhraí soláthair gairide’; (iv) an fhéidearthacht a thabhairt isteach tacaíocht airgeadais ón Aontas a dheonú do na Ballstáit le haghaidh bearta a dhéanann oibreoirí le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sa mhargadh; agus (v) feabhas a chur ar leibhéal eagrúcháin eárnáil na feirmeoireachta sna Ballstáit trí thacú le heagraíochtaí táirgeoirí a chuireann cláir oibríochtúla chun feidhme, agus feabhas a chur ar ghluacadh idirghabhálacha eárnála sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42(f) de Rialachán (AE) 2021/2115.

Leis na leasuithe coinnítear ar bun cothrom iomaíochta idir táirgeoirí agus an leibhéal comhchuibhithe a baineadh amach cheana leis na Rialacháin atá ann cheana. Meastar, dá bhí sin, nach féidir leis na Ballstáit iad a chur chun feidhme agus iad ag gníomhú ina n-aonar.

- **Comhréireacht**

Ní leasaítear leis an togra na Rialacháin atá ann cheana ach a mhéid is fíorghá chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a ghnóthú, agus áiríthítear an tráth céanna go leanfaidh na leasuithe de bheith spriocdhírthe agus foráil á déanamh maidir leis na solúbthachtaí iomchuí.

Leis na leasuithe atá beartaithe ní mhodhnaítear ach gnéithe sonracha de líon teoranta forálacha sna Rialacháin atá ann cheana. Déantar na forálacha atá ann cheana maidir le conarthaí a bhaineann le feirmeoirí agus a n-eagraíocht agus gníomhaithe eile sa slabhra a fheabhsú agus a neartú a thuilleadh leo, chomh maith le cumhacht mhargála na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachas a threisiú, an t-ualach riaracháin a bhaineann lena n-aitheantas a laghdú, agus creat spreagthach a bhunú le haghaidh scéimeanna deonacha agus comhaontuithe atá dírithe ar luach saothair feirmeoirí agus tionscnaimh inbhuanaitheachta sóisialta a fheabhsú.

- **An rogha ionstraim**

Ós rud é go leasaítear leis an togra seo Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá ann cheana, ní mór na leasuithe a thabhairt isteach freisin le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

An togra le haghaidh athruithe spriocdhírithé ar Rialachán CEM agus ar Rialacháin eile a bhaineann le CBT, tá sé ar cheann de na bearta a fógraíodh sa pháipéar machnaimh ón gCoimisiún an 15 Márta 2024. I ngeall ar a phráinní atá sé gníomhú chun freagairt do na dúshláin phráinneacha in earnáil na talmhaíochta faoi láthair agus mar gheall ar an bpráinn a bhaineann le gníomhú chun freagairt d'agóidí feirmeoirí, ní dhearnadh aon mheastóireacht *ex post*/seiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I ngeall ar a phráinní atá sé gníomhú chun freagairt do na dúshláin phráinneacha in earnáil talmhaíochta na hEorpa, ní dhearnadh aon ghla ar fhianaise ná aon chomhairliúchán poiblí. Mar sin féin, chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha trí chruinnithe spriocdhírithé (féach ‘Bailiú agus úsáid saineolais’).

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cé nach ndearnadh aon ghla ar fhianaise ná aon chomhairliúchán poiblí i ngeall ar a phráinní atá sé gníomhú, roinnt uaireanta chuir an Coimisiún na bearta atá beartaithe faoi bhráid na Comhairle, cruinniú de chuid an Ghrúpa Idirphlé Shibhialta mhéadaithe leis na páirtithe leasmhara ábhartha, Líonra Eorpach na nÚdarás Iomaíochta agus chuir sé na bearta sin i láthair ag cruinnithe déthaobhacha ina raibh na comhlachais ábhartha uile atá bunaithe san Aontas laistigh de shlabhra an tsoláthair agraibhia, lena n-áirítear tomhaltóirí.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise a phráinní atá sé gníomhú chun freagairt do na dúshláin phráinneacha in earnáil na talmhaíochta faoi láthair, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh.

Mar sin féin, forbraíodh na bearta atá beartaithe ar bhonn an ionchuir a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, go háirithe ó chruinniú an Ghrúpa Idirphlé Shibhialta mhéadaithe, ó Líonra Eorpach na n-údarás Iomaíochta agus i gcruinnithe déthaobhacha lena mbaineann na comhlachais ábhartha uile atá bunaithe san Aontas laistigh de shlabhra an tsoláthair agraibhia, lena n-áirítear tomhaltóirí, agus ó Chathaoirleach Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe Pharlaimint na hEorpa.

Tá siad i gcomhréir freisin leis na moltaí ábhartha ón bPlé Straitéiseach faoi Thodhchaí na Talmhaíochta san Aontas Eorpach a réachtáladh i mí Mheán Fómhair 2024.

Beidh tionchar an togra ag brath ar bhearta deonacha áirithe a bheith á nglacadh ag feirmeoirí agus ag ceannaitheoirí táirgí talmhaíochta, agus ar chinntí na mBallstát úsáid a bhaint as na roghanna agus na maoluithe dá bhforáiltear.

Cuirfear doiciméad inmheánach oibre ar fáil laistigh de 3 mhí tar éis ghlacadh an togra. Tabharfar tuairisc shoiléir ann ar na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu, ar na hathruithe

spriocdhírithé atá beartaithe agus ar an tionchar is dócha a bheidh acu, chomh maith le hachóimre ar an aiseolas ó pháirtithe leasmhara a fuarthas.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo ar cheann de na bearta a fógraíodh sa Pháipéar Machnaimh ón gCoimisiún an 15 Márta 2024 mar chuid den Phacáiste maidir le Simpliú. Cuirfear cainníochtú an ualaigh riaracháin laghdaithe i láthair sa doiciméad inmheánach oibre, a mhéid is féidir.

- **Ceartha bunúsacha**

Urramaítear leis an togra seo na ceartha bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar buiséadach inchainníochtaithe ag an togra seo.

Cé go bhféadfadh le bearta 12-17 (a liostaítear faoi Phointe 5 Eilimintí eile – Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra) dlús a chur le heagraíochtaí táirgeoirí cláir oibríochtúla a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, an caiteachas a mhéadú, fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn CERT.

A mhéid a bhaineann leis an gcúlchiste talmhaíochta a chistítear faoi CERT, ní dhéantar foráil sa togra seo maidir le haon athrú ar a mhéid foriomlán. Cé go bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag baint le húsáid an chúlchiste chun bearta a ghlactar de bhun Airteagal 222 de Rialachán CEM a mhaoiniú maidir le leithdháileadh féideartha méideanna do bhearta eisceachtúla eile i mbliain ar leith, ní féidir iad sin a chainníochtú ag an gcéim seo.

An cúnamh airgeadais ón Aontas d'eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí a rinne na Ballstáit a fhorghabháil chun cláir oibríochtúla a chur chun feidhme, beidh sé teoranta do chéatadán áirithe (ó 4,1 % go 5,5 % ag brath ar chineál na dtairbhíthe agus na gcuspóirí atá á saothrú) de luach táirgíthe arna mhargú na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin.

Tá forálacha sa togra lena dtugtar méid áirithe solúbthachta do na Ballstáit i ndáil leis na leithdháiltí airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha agus le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha 'eile'. Na cistí a chuirfear ar fáil le haghaidh cúnamh airgeadais ón Aontas d'eagraíochtaí táirgeoirí a oibríonn in earnálacha 'eile', beidh siad teoranta do mhéideanna a aistrefar (laistigh de theorainneacha na forála dlí gaolmhaire) ó íocaíochtaí díreacha a chinnfidh na Ballstáit agus a fhorghabháil an Coimisiún. I gcás ina gcinneadh na Ballstáit an tsolúbthacht sin a úsáid, ní bheidh tionchar aige sin ach ar leithdháiltí na n-íocaíochtaí díreacha agus na n-earnálacha 'eile', agus fanfaidh an t-athrú laistigh de CERT. Ní féidir an tionchar a chainníochtú ag an gcéim seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leis an togra seo leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116. Dá bhrí sin, tá an plean cur chun feidhme agus na socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe fós mar an gcéanna leis an bplean agus na socrúithe sin faoin gcreat atá ann faoi láthair.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar (is Rialachán é an téacs dlíthiúil).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ar an gcéad dul síos, ba cheart íoscheanglais a bhunú maidir le téarmaí a úsáid a thugann tuairisc ar mhódúlachtaí tráchtála lena n-áirithítear leithdháileadh cothrom an bhreisluacha d’fheirmeoirí. Is é an aidhm trédhearcacht agus iontaofacht úsáid na dtéarmaí sin a mhéadú chun leithdháileadh cothrom an bhreisluacha feadh shlabhra an tsoláthair bia a áirithiú, chun mí-úsáid na dtéarmaí sin a chosc agus chun a áirithiú go bhfuil faisnéis iontaofa ag tomhaltóirí faoi leithdháileadh cothrom an bhreisluacha d’fheirmeoirí agus do shlabhraí soláthair gairide.

Ar an dara dul síos, ba cheart gach seachadadh táirgí talmhaíochta a chumhdach le Conradh i scríbhinn, faoi réir eisceachtaí áirithe agus faoi réir na féidearthachta atá ag na Ballstáit táirgí talmhaíochta áirithe a dhíolmhú ón gceanglas sin.

Ar an tríú dul síos, ba cheart gnéithe áirithe a áireamh i gconarthaí i scríbhinn lena n-áirithítear trédhearcacht agus intuarthacht i ríomh an phraghais deiridh.

Ar an gceathrú dul síos, ba cheart clásal um athbhreithniú a áireamh i gconarthaí ag a bhfuil fad is faide ná 6 mhí chun ligean d’fheirmeoirí, d’eagraíochtaí táirgeoirí nó do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí athbhreithniú ar an gconradh a iarraidh, go háirithe i gcásanna nach gcumhdódh an praghas costais táirgthe a thuilleadh agus chun an conradh a fhoirceannadh má dhiúltaítear don iarraidh sin.

Ar an gcúigiú dul síos, ba cheart do na Ballstáit sásra idirghabhála a bhunú agus é a chur ar fáil do pháirtithe ar mian leo é a úsáid.

Ar an séú dul síos, ba cheart na rialacha atá ann faoi láthair maidir le sainmhíniú agus aithint eagraíochtaí táirgeoirí a shimpliú. Thairis sin, chun feabhas a chur ar an gcomhar idir táirgeoirí táirgí orgánacha, ba cheart é a bheith indéanta go sainráite go mbunódh na táirgeoirí sin eagraíochtaí táirgeoirí agus go dtabharfadh siad aitheantas dóibh.

Ar an seachtú dul síos, ba cheart na rialacha atá ann cheana maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a shoiléiriú chun a áirithiú go mbunófar eagraíochtaí táirgeoirí ar thionscnamh feirmeoirí agus go rialófar iad i gcomhréir le rialacha a chuirfidh ar a gcumas do chomhaltaí ar feirmeoirí iad grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh ar a n-eagraíochtaí agus ar chinntí na n-eagraíochtaí sin.

Ar an ochtú dul síos, ba cheart cead a bheith ag eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, téarmaí conartha a chaibidliú, thar ceann a gcomhaltaí i dtaca le cuid dá dtáirgeadh nó a dtáirgeadh ar fad.

Ar naoú dul síos, ba cheart do chomhlachais aitheanta d’eagraíochtaí táirgeoirí a bheith in ann téarmaí conartha a chaibidlí thar ceann a gcomhaltaí d’eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí.

Ar an 10ú dul síos, ba cheart cur chun cinn úsáid tionscnamh ag a bhfuil téarmaí roghnacha a úsáidtear chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú, amhail ‘cothrom’, ‘cothromasach’ nó a dtéarmaí coibhéiseacha agus ‘slabhra soláthair gairid’ a áireamh ar liosta na gcuspóirí is féidir le heagraíocht idirchraoibhe aitheanta a shaothrú.

Ar an 11ú dul síos, maidir le tionscnaimh chomhair ingearacha agus chothrománacha a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia, arb é is aidhm dóibh ceanglais áirithe maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta a chur i bhfeidhm atá níos déine ná na ceanglais éigeantacha, níor cheart iad a bheith faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE.

Ar an 12ú dul síos, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú a mhéid a bhaineann leis na cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe. Ina theannta sin, ba cheart cúnamh airgeadais ón Aontas do chláir oibríochtúla in earnálacha áirithe a mhéadú.

Ar an 13ú dul síos, maidir leis an tacaíocht airgeadais ón Aontas do chláir oibríochtúla arna gcur chun feidhme ag eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i mBallstáit ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí faoi bhun 10 % ar feadh trí bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibríochtúil, ba cheart an tacaíocht sin a mhéadú ó 50 % go 60 %.

Ar an 14ú dul síos, ba cheart dreasacht shonrach a dheonú d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí nua a théann isteach in eagraíocht aitheanta táirgeoirí agus a thabharfaidh faoi infheistíochtaí a chuirfear chun feidhme ar a n-áitreabh.

Ar an 15ú dul síos, ba cheart an tacaíocht airgeadais ón Aontas d'eagraíochtaí táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí i gcás teagmhais dhíobhálacha mheitéareolaíocha, tubaistí nádúrtha, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí a mhéadú ó 50 % go 70 % den chaiteachas iarbhír a thabhaítear, faoi choinníollacha áirithe.

Ar an 16ú dul síos, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, ó 2025 ar aghaidh, suas le 6 % dá leithdháiltí d'íocaíochtaí díreacha a úsáid chun tacú leis na hearnálacha a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointí (a) go (h), (k), (m), (o) go (t) agus (w), de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus earnálacha a chumhdaíonn táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115.

Ar an 17ú dul síos déag, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú chun gur féidir an chúlchiste talmhaíochta a úsáid d'fhonn tacú le catagóirí sonracha de ghníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoirí príobháideacha áirithe arna nglacadh d'fhonn na hearnálacha lena mbaineann míchothromaíocht thromchúiseach sa mhargadh a chobhsú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, an chéad fhomhír, agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá earnáil na talmhaíochta, agus feirmeoirí go háirithe, ag dul i ngleic le go leor dúshlán. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hUcráine, tá méadú nach bhfacthas riamh roimhe tagtha ar chostais ionchuir talmhaíochta a bhaineann le fuinneamh agus tá tréimhse fhada boilscithe ann, rud a dhéanann difear do chostais feirmeoirí agus do phraghsanna bia. An tráth céanna, leanann feirmeoirí de bheith ag tabhairt faoi iarrachtaí chun a dtáirgeadh a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Rinne go leor tomhaltóirí, a bhíonn ag dul i ngleic le costas maireachtála méadaithe, a bpatrúin tomhaltais a dhíriú ar tháirgí bia nach bhfuil chomh costasach céanna freisin. Mar gheall air sin, rinneadh dáileadh an bhreisluacha feadh shlabhra an tsoláthair bia a dhíchobhsú a thuilleadh agus tháinig méadú ar an leibhéal éiginnteachta ina n-oibríonn feirmeoirí, rud a spreagann agóidí agus mímhúinín. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin agus chun muinín na ngníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia a athchothú.
- (2) Rinne oibreoirí éagsúla laistigh de shlabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, atá gníomhach ag céimeanna éagsúla den táirgeadh, den phróiseáil, den mhargaíocht, den dáileadh agus den mhiondíol, scéimeanna agus lipéid a fhorbairt chun módúlachtaí tráchtála a chur chun cinn lena n-áiríthítear leithdháileadh cothrom breisluacha d'fheirmeoirí agus cruthú agus coinneáil ar bun slabhraí soláthair gairide. Is gá íoscheanglais a bhunú maidir le húsáid téarmaí roghnacha a thugann tuairisc ar na módúlachtaí tráchtála sin chun trédhearcacht agus iontaofacht úsáid na dtéarmaí sin a

¹ IO C, ...

² IO C, ...

³ IO C, ...

mhéadú i slabhra an tsoláthair bia, rud a chomhlánóidh na rialacha atá ann cheana maidir le lipéadú bia, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.

- (3) Ar mhaithe le muinín agus cothroime mhéadaithe feadh shlabhra an tsoláthair bia, níor cheart na téarmaí ‘cothrom’, ‘cothromasach’ nó téarmaí coibhéiseacha a úsáid ach amháin chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú lena n-áirithítear cobhsaíocht agus trédhearcacht sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí agus sa phraghsáil a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothromasach, agus lena dtacaítear agus lena rannchuidítear le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ar bhealach atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ freisin.
- (4) Níor cheart an téarma ‘slabhra soláthair gairid’ a úsáid ach amháin chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú i gcás ina bhfuil nasc díreach idir feirmeoirí agus tomhaltóirí lena féidir malartú díreach a dhéanamh faoin bpróiseas táirgthe agus faoin táirge, lena n-áirítear malartú trí chianchumarsáid agus/nó trí idirghabhálaí a áirithíonn an malartú sin tráth an díolacháin. De rogha air sin, sa bhreis air sin féadfar an téarma sin a úsáid i gcás ina bhfuil dlúthnasc idir feirmeoirí agus tomhaltóirí laistigh dá n-áireacht gheografach, agus i gcomhthéacsanna trasteorann freisin. Spreagfaidh sé sin tomhaltóirí chun praghsanna a íoc lena dtabharfar luach saothair cothrom d’fheirmeoirí as an méid a tháirgeann siad, lena neartófar forbairt na gceantar tuaithe agus lena rannchuideofar léi, lena bhfeabhsófar trédhearcacht maidir le tionscnamh agus modhanna táirgthe na dtáirgí.
- (5) I bhfianaise na ndálaí margaidh, na n-ionchas tomhaltóirí atá ag athrú, dul chun cinn i gcaighdeáin mhargaíochta agus i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha araon, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le húsáid na dtéarmaí roghnacha lena n-ainmnítear módúlachtaí tráchtála a bhaineann le leithdháileadh cothrom an bhreisluacha d’fheirmeoirí agus le slabhraí soláthair gairide a chruthú agus a choinneáil ar bun. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.
- (6) Ar na cúiseanna céanna sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a

⁴ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1169/oj>).

⁵ Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859, (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj>).

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le téarmaí roghnacha breise atá coibhéiseach leis na téarmaí ‘cothrom’ nó ‘cothromasach’.

- (7) Cé go bhféadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil nó a thabhairt isteach lena sonraítear ceanglais fhorlíontacha maidir le húsáid téarmaí roghnacha do mhódúlachtaí tráchtála, níor cheart leis na forálacha sin bac ná teorainn ná constaic a chur le húsáid na dtéarmaí sin i gcás táirgí a tháirgtear nó a mhargaítear go dleathach i mBallstát eile.
- (8) Tá ról ríthábhachtach ag úsáid conarthaí i scríbhinn maidir le cuntasacht oibreoirí, feasacht a mhúscailt i ndáil leis an tábhacht a bhaineann le comharthaí margaidh, an soláthar a oiriúnú don éileamh, tarchur praghsanna laistigh den slabhra soláthair a fheabhsú, trédhearcacht a fheabhsú agus cleachtais éagóracha trádála a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha maidir le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne a leathnú chun táirgí seachas bainne amh a chumhdach, agus ailíniú leis na rialacha maidir le caidreamh conarthach is infheidhme i ndáil le hearnálacha talmhaíochta eile á n-áirithiú an tráth céanna.
- (9) Chun solúbthacht do na Ballstáit a mhéadú agus chun an nós imeachta um aitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí a shimpliú, agus ar an gcaoi sin costais idirbheart a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú, ba cheart a cheadú leis na rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí go n-aithneofaí iad tar éis aon iarraidh amháin lena gcumhdófaí earnálacha iomadúla agus táirgí iomadúla. Thairis sin, chun comhar idir táirgeoirí táirgí orgánacha a fheabhsú, ba cheart foráil shainráite a dhéanamh maidir le táirgeoirí táirgí orgánacha eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin sna critéir maidir le haitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí agus ina reachtanna go mbunófar eagraíochtaí táirgeoirí ar thionscnamh feirmeoirí agus go rialófar iad i gcomhréir le rialacha a chuirfidh ar a gcumas do chomhaltaí ar feirmeoirí iad a n-eagraíocht agus a gcinntí a ghrinnscrúdú go daonlathach. Níor cheart bac a chur leis sin ar tháirgeoirí eile nach feirmeoirí iad, ná ar neamhtháirgeoirí, dul isteach in eagraíochtaí táirgeoirí.
- (10) Chun tuilleadh forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, ar croíphrionsabal den Chonradh é agus ar cuspóir tosaíochta é le haghaidh bheartais an Aontais, agus chun trédhearcacht, cobhsaíocht agus cothroime a áirithiú sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí ar fud an tslabhra soláthair, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann aitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí a shaothraíonn aidhmeanna sonracha le téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála, amhail ‘cothrom’, ‘cothromasach’ nó téarmaí coibhéiseacha, agus ‘slabhra soláthair gairid’.
- (11) Chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d’fheirmeoirí, feabhas a chur ar a seasamh margála i leith próiseálaithe agus gníomhaithe eile sa slabhra soláthair agus foráil a dhéanamh maidir le dáileadh níos cothroime breisluacha feadh an tslabhra soláthair, ba cheart an fhéidearthacht téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí a leathnú chuig eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, i dtaca le cuid dá dtáirgeadh nó a dtáirgeadh ar fad. Chun cóir chomhionann le comhaltaí d’eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a áirithiú, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith faoi réir teorainneacha iomchuí. Go háirithe, ba cheart d’eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí a thairbhíonn den fhéidearthacht sin na critéir aitheantais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh agus dul i mbun na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle⁷, lena n-áirítear an soláthar a chomhchruinniú agus táirgí a gcomhaltaí a chur ar an margadh.

- (12) Chun seasamh caibidlíochta eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a neartú agus chun forbairt inmharthana táirgthe talmhaíochta a áirithiú, ba cheart cead a thabhairt do chomhlachais aitheanta d'eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí, lena n-áirítear praghas, i gcás tháirgeadh a gcomhaltaí ar fad nó cuid díobh. Ba cheart an fhéidearthacht sin a cheadú, faoi réir coimirce nach bhfuil na heagraíochtaí ar comhaltaí iad de na comhlachais sin ina gcomhaltaí freisin de chomhlachas eile eagraíochtaí táirgeoirí agus nach bhfuil méid na dtáirgí a chumhdaítear le gníomhaíochtaí an chomhlachais níos mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith. Chun iomaíocht éifeachtach sa mhargadh a choinneáil ar bun, níor cheart cead a bheith ag comhlachais aitheanta d'eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú ach oiread i gcás ina bhfuil eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí ar áireamh sna comhlachais sin.
- (13) Ionas nach mbainfidh ceannaitheoirí an bonn de sheasamh margála na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart coimirce iomchuí a bhunú le haghaidh teagmhálacha idir ceannaitheoirí agus comhaltaí de na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Cé go bhféadfadh ceannaitheoirí dul i dteagmháil le comhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí, níor cheart leis an teagmháil sin an bonn a bhaint ó chuspóirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ná ó chomhchruinniú an tsoláthair ná ó tháirgí a chur ar an margadh.
- (14) Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí idirchraoibhe maidir le hidirphlé a éascú idir gníomhaithe sa slabhra soláthair, agus maidir le dea-chleachtais, trédhearcacht margaidh, cobhsaíocht agus cothroime sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí a chur chun cinn ar fud an tslabhra soláthair. Is iomchuí, dá bhrí sin, tionscnaimh a chur chun cinn chun téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála, amhail na téarmaí 'cothrom', 'cothromasach' nó téarmaí coibhéiseacha, agus 'slabhra soláthair gairid' a áireamh ar liosta na gcuspóirí a fhéadfaidh eagraíocht idirchraoibhe aitheanta a shaothrú.
- (15) Rinne Ballstáit áirithe cinneadh go gcumhdófar gach seachadadh táirgí talmhaíochta ar a gcéim le conarthaí i scríbhinn idir na páirtithe. I gcás nach mbainfidh na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht sin, féadfaidh feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a iarraidh go n-úsáidfear conarthaí i scríbhinn. Mar sin féin, i ngeall ar sheasamh margála níos laige na bhfeirmeoirí agus an eagla go ndéanfadh ceannaitheoirí frithheart tráchtála, d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'fheirmeoirí agus dá gcomhlachas iarraidh den sórt sin a dhéanamh. Chun muinín, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a mhéadú laistigh den slabhra soláthair agus chun cur ar a chumas do gach feirmeoir, gach eagraíocht táirgeoirí agus gach comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí tairbhe a bhaint as úsáid conarthaí i scríbhinn, ba cheart seachadtaí táirgí talmhaíochta san Aontas a dhéanann feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir a chumhdach le Conradh i scríbhinn.
- (16) Chun comharthaí an mhargaidh a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus chun tarchur praghsanna a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj>).

tháirgeoirí nach feirmeoirí iad, ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí conarthaí i scríbhinn a úsáid chun táirgí talmhaíochta a sheachadadh, agus a cheangal ar cheannaitheoirí úsáid a bhaint as tairiscintí i scríbhinn ar chonarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh. Ar mhaithe le simplíocht agus le laghdú ar chostais idirbheart, ba cheart eisceachtaí áirithe a leagan síos leis an Rialachán seo ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn ar chonradh agus ba cheart a cheadú do na Ballstáit seachadtaí áirithe a dhíolmhú ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn, agus an tráth céanna, an fhéidearthacht a bheith ag feirmeoirí agus a gcomhlachas a iarraidh go n-úsáidfí conarthaí i scríbhinn nó tairiscintí i scríbhinn nuair nach ann d'aon oibleagáid den sórt sin.

- (17) Ba cheart an úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh agus na bunchoinníollacha lena n-úsáid a leagan síos ar leibhéal an Aontais, agus a áirithiú an tráth céanna nach gcuirfear srian ar cheart na bpáirtithe gnéithe uile a gconarthaí a chaibidliú thar a bhfuil fíor-riachtanach.
- (18) D'fhonn páirtithe a spreagadh chun teacht ar réiteach cairdiúil i gcás díospóidí maidir le tabhairt i gcrích conartha i scríbhinn nó athbhreithniú ar chonradh i scríbhinn, ba cheart do na Ballstáit sásraí idirghabhála a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála atá i bhfeidhm ina gcríoch nó faoi bhunú na sásraí sin, agus féadfaidh an Coimisiún malartuithe dea-chleachtas faoi na sásraí sin a éascú.
- (19) Chun feidhmiú sásraí um tharchur praghsanna a éascú, i gcás ina ríomhtar an praghas deiridh is iníoctha as seachadadh táirgí talmhaíochta trí fhachtóirí éagsúla a leagtar amach sa chonradh a chur le chéile, ba cheart a áireamh ar na fachtóirí sin táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa is furasta do na páirtithe a thuiscint. Ionas nach gcuirfear iallach ar fheirmeoirí díol go córasach faoi bhun a gcostas táirgthe, ba cheart táscairí, innéacsanna agus modhanna ríofa an phraghais deiridh a bheith ina léiriú ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe na dtáirgí talmhaíochta arna seachadadh.
- (20) I bhfianaise staid leochaileach caibidlíochta na bhfeirmeoirí agus a n-eagraíocht, cásanna le déanaí ina raibh luaineacht mhór i gcostais ionchuir talmhaíochta agus i bpraghsanna margaidh, agus an ghá le tarchur praghsanna níos éifeachtúla laistigh den slabhra soláthair, ba cheart clásal um athbhreithniú a áireamh i gconarthaí ag a bhfuil fad is faide ná 6 mhí a d'fhéadfadh na feirmeoirí agus a n-eagraíochtaí a spreagadh. Leis an gclásal, ba cheart cead a thabhairt d'fheirmeoirí athbhreithniú ar ghnéithe an chonartha a iarraidh tar éis na 6 mhí sin tráth ar bith agus cead a thabhairt dóibh deireadh a chur leis an gconradh i gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú, gan cur isteach ar cheart na bpáirtithe féidearthachtaí eile a chaibidliú maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh.
- (21) Chun trédhearcacht chonartha a fheabhsú agus chun rannchuidiú le cleachtais trádála níos cothroime, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal go gclárófaí conarthaí i scríbhinn maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh.
- (22) Maidir le tionscnaimh áirithe chomhair ingearacha agus chothrománacha a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia, arb é is aidhm dóibh ceanglais atá níos déine ná na ceanglais éigeantacha a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar chuspóir an chomhbheartais talmhaíochta chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta agus ar chuspóir fhorbairt inbhuanaithe an Aontais.

Dá bhrí sin, faoi imthosca sonracha, níor cheart na tionscnaimh sin a bheith faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- (23) I dtréimhsí míchothromaíochta tromchúisí sa mhargadh, d'fhéadfadh catagóirí sonracha de gníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoírí príobháideacha rannchuidiú leis na hearnálacha lena mbaineann a chobhsú. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag oibreoírí príobháideacha chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann acmhainní de chuid an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann acmhainní náisiúnta breise a leithdháileadh freisin.
- (24) Ionas go mbeidh saothraithe biatais siúcra in ann tairbhe a bhaint as soiléireacht chonarhach fheabhsaithe agus chun creat conarthach comhchuihbhithe a áirithiú agus sainiúlacht earnáil an bhiatais siúcra á cur san áireamh an tráth céanna, ba cheart na téarmaí ceannaigh i gconarthaí maidir le seachadadh biatais siúcra a ailíniú leis na coinníollacha maidir le conarthaí i scríbhinn a úsáid in earnálacha talmhaíochta eile.
- (25) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú dá réir.
- (26) Chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, ba cheart roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸ a leasú a mhéid a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe. Is é is aidhm do na leasuithe sin tacú le feirmeoirí a bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí nó de chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nó leanúint de bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí nó de chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoin Rialachán sin, i bhfianaise an róil dhearfáigh atá ag na heagraíochtaí agus ag na comhlachais sin chun cumhacht mhargála táirgeoirí a neartú. Thairis sin, chun tacaíocht níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithé a áirithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí trí Phleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart foráil a dhéanamh, maidir leis an bhféidearthacht an cúnamh airgeadais ón Aontas do chláir oibríochtúla in earnálacha áirithe a mhéadú.
- (27) Tá luach na táirgeachta torthaí agus glasraí arna mhargú ag eagraíochtaí táirgeoirí i gcomparáid le luach iomlán na táirgeachta torthaí agus glasraí fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais i mBallstáit áirithe. I measc na ndreasachtaí airgeadais atá ar fáil, is féidir leis na Ballstáit cúnamh airgeadais náisiúnta a sholáthar cheana féin mar a fhoráiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2115 d'eagraíochtaí táirgeoirí atá lonnaithe i réigiúin áirithe ina bhfuil an leibhéal eagrúcháin go mór faoi bhun mheán an Aontais. D'fhonn an t-iomaíochas a fheabhsú, seasaimh na bhfeirmeoirí sa slabhra luacha a neartú agus eagraíochtaí táirgeoirí nua a chur ar bun, ba cheart dreasacht airgeadais a dheonú ar eagraíochtaí táirgeoirí sna Ballstáit ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí faoi bhun 10 % ar feadh 3 bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibríochtúil ábhartha, arb é bheidh sa dreasacht sin méadú 10 % ar an gcúnamh airgeadais ón Aontas.
- (28) D'fhonn athnuachan ó ghlúin go glúin in earnáil na feirmeoireachta a éascú agus d'fhonn dul isteach comhaltaí nua ar táirgeoirí iad in eagraíochtaí táirgeoirí a

⁸ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Rátháiocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013, (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj>).

spreagadh in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus in earnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart dreasacht ar leith a dheonú d'fheirmeoirí óga agus d'fheirmeoirí nua a théann isteach in eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. Dá bhrí sin, ba cheart méadú féideartha 10 % ar an gcúnamh airgeadais ón Aontas a chur ar fáil do chaiteachas a bhaineann le hinfheistíochtaí a dhéantar ar áitreabh feirmeora óig nó ar áitreabh táirgeoira nua a théann isteach in eagraíocht aitheanta táirgeoirí den chéad uair.

- (29) I bhfianaise atarlú teagmhas díobhálach aeráide, tubaistí nádúrtha, galar plandaí nó inmhíolú lotnaidí le blianta beaga anuas, tá sé cruthaithe go bhfuil sé úsáideach d'eagraíochtaí táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a bheith in ann cistí, lena n-áirítear cúnamh airgeadais ón Aontas laistigh den chiste oibriochtúil, a atreorú chuig idirghabhálacha a bhfuil gá leo chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí na dteagmhas sin. Is gá, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht an cúnamh airgeadais ón Aontas a leagtar síos in Airteagal 52(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéadú ó 50 % go 70 % den chaiteachas iarbhir arna thabhtú, faoi choinníollacha áirithe.
- (30) Chun tacú le bunú cineálacha idirghabhála sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart a cheadú do na Ballstáit, ó 2025 ar aghaidh, tuilleadh solúbthachta a bheith acu chun leithdháileadh na gcistí ar na hearnálacha sin a choigeartú trí suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh iocaíocht dhíreach.
- (31) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú dá réir,
- (32) D'fhonn a áirithiú gur féidir acmhainní de chuid an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú le gníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoirí príobháideacha i dtréimhsí ina bhfuil míchothromaíocht thromchúiseach sa mhargadh, ba cheart an fhéidearthacht úsáid a bhaint as an gcúlchiste talmhaíochta a leathnú chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí comhchoiteanna nuair a chinneann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag rialacha iomaíochta maidir leis na gníomhaíochtaí sin.
- (33) Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹ a leasú dá réir sin.
- (34) Chun an t-am is gá a thabhairt do na hoibreoirí margaidh chun oiriúnú a dhéanamh agus chun go mbeidh an Coimisiún in ann measúnú a dhéanamh ar scéimeanna agus cleachtais náisiúnta atá ann cheana, ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le forchoimeád na dtéarmaí roghnacha 'cothrom', 'cothromasach' agus a dtéarmaí coibhéseacha, agus an téarma 'slabhraí soláthair gairide' a chur siar 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ina theannta sin, chun gur féidir le hoibreoirí a gcaidreamh conarthach a oiriúnú do na rialacha nua maidir le conarthaí i scríbhinn, ba cheart cur i bhfeidhm na rialacha sin a chur siar 18 mí tar éis a theacht i bhfeidhm.

⁹ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj>).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

- (1) I gCuid II, Teideal II, Caibidil I, Roinn 1, cuirtear isteach an fhoroinn seo a leanas tar éis Fhoroinn 3:

‘Fhoroinn 3a

Úsáid téarmaí roghnacha le haghaidh táirgí sna earnálacha uile a liostaítear in Airteagal 1(2)

Airteagal 88a

Téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála

1. Ní fhéadfar na téarmaí ‘cothrom’ nó ‘cothromasach’ nó téarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí sin a úsáid ach amháin, leo féin nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála táirge de chuid na n-earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) agus a chuirtear ar an margadh, ar choinníoll go n-úsáidtear na téarmaí sin chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi mhódúlachtaí atá ann cheana maidir le heagrú an táirgthe, an dáilte nó an chur ar an margadh, a rannchuidíonn ar a laghad leis an méid seo a leanas:
 - (a) cobhsaíocht agus trédhearcacht sa chaidreamh idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí feadh an tslabhra soláthair,
 - (b) praghas a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothromasach le haghaidh a dtáirgí, agus
 - (c) tionscnaimh chomhchoiteanna lena saothraítear ceann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

2. Ní fhéadfar an téarma ‘slabhra soláthair gairid’ a úsáid ach amháin, leis féin nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála táirge de chuid na n-earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) agus a chuirtear ar an margadh, ar choinníoll go n-úsáidtear an téarma chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi mhódúlachtaí atá ann cheana maidir le heagrú an táirgthe, an dáilte nó an chur ar an margadh, lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) nasc díreach idir an feirmeoir agus tomhaltóir deiridh an táirge, nó

(b) dlúthnasc agus gaireacht gheografach idir an feirmeoir agus tomhaltóir deiridh an táirge.

3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus i mír 2, pointí (a) agus (b), a shonrú a thuilleadh, agus aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha á chur san áireamh.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena leasaítear mír 1 chun téarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí ‘cothrom’ nó ‘cothromasach’ a chur isteach, i gcás ina n-úsáidtear na téarmaí coibhéiseacha sin ar an margadh chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi na módúlachtaí tráchtála dá dtagraítear i mír 1.

5. Féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta lena leagtar síos coinníollacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun sa bhreis ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c) agus i mír 2, pointí (a) agus (b), maidir le húsáid n dtéarmaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 faoi seach. Ní chuirfidh na rialacha sin toirmeasc, srian ná bac ar úsáid na dtéarmaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i gcás táirgí a tháirgtear nó a mhargaítear go dleathach i mBallstát eile faoi na téarmaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

6. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 148:

‘Airteagal 148

Caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Gach seachadadh bainne agus táirgí bainne san Aontas a dhéanann feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, chuig próiseálaí, bailitheoir, dáileoir nó miondíoltóir, cumhdófar é le conradh i scríbhinn idir na páirtithe.

Comhlíonfaidh an conradh sin na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8.

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘bailitheoir’ gnóthas a iompraíonn bainne amh ó fheirmeoir nó ó bhailitheoir eile chuig próiseálaí bainne amh nó chuig bailitheoir eile, má aistrítear úinéireacht an bhainne amh i ngach cás.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin:

a) an seachadadh bainne agus táirgí bainne a dhéanann táirgeoir seachas feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, chuig

próiseálaí, bailitheoir, dáileoir nó miondíoltóir, cumhdófar é le Conradh i scríbhinn;

- b) déanfaidh céad-cheannaitheoirí bainne agus táirgí bainne tairiscint i scríbhinn ar chonradh maidir le bainne agus táirgí bainne a bheith á seachadadh ag an bhfeirmeoir, ag eagraíocht táirgeoirí nó ag comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí.

Comhlíonfar, le Conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8.

3. Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil comhaontú frithpháirteach ann ina leith d'fhonn Conradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt chun críche nó d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar chonradh den sórt sin.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála atá bunaithe ar a gcríoch.

4. Maidir leis an gconradh nó an tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2:

- (a) déanfar é roimh an seachadadh,
- (b) déanfar i scríbhinn é, agus
- (c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:
- (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:
- a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh; nó
 - a ríomhfar trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne agus na dtáirgí bainne arna seachadadh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. Beidh sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile;
- (ii) toirt an bhainne amh nó cáilíocht agus cainníocht an bhainne nó na dtáirgí bainne atá le seachadadh, agus uainiú na seachadtaí sin.
- (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásal foircinn a bheith san áireamh leis. I gcás conartha ar faide ná 6 mhí a fhad íosta, beidh clásal um athbhreithniú ann a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh;
- (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta;
- (v) socruithe maidir le bainne nó táirgí bainne a bhailiú nó a sheachadadh, agus

(vi) na rialacha is infheidhme i gcás *force majeure*.

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, ní éileofar Conradh i scríbhinn ná tairiscint i scríbhinn ar chonradh sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina ndéanann comhalta d'eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann an bainne nó na táirgí bainne lena mbaineann a sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinní dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i mír 4;
 - (b) más micrifhiontar nó fiontar beag de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é céad-cheannaitheoir an bhainne nó na dtáirgí bainne¹⁰;
 - (c) i gcás ina ndéantar an seachadadh agus an íocaíocht as an mbainne nó as na táirgí bainne an tráth céanna;
 - (d) i gcás ina ndéantar an seachadadh saor in aisce nó i gcomhthéacs diúscartha bainne nó táirgí bainne nach bhfuil oiriúnach lena ndíol a thuilleadh.
6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh gá le Conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:
- (a) baineann an seachadadh le táirgí ag a bhfuil luach atá cothrom le tairseach, nó faoi bhun tairisí, atá le cinneadh ag an mBallstát, ar tairseach í nach rachaidh thar EUR 10 000;
 - (b) baineann an seachadadh le bainne agus táirgí bainne atá faoi réir luaineachtaí séasúracha soláthair nó éilimh nó meatachta;
 - (c) baineann an seachadadh le bainne agus táirgí bainne atá faoi réir cleachtais díola thraidisiúnta nó ghnásúla.
7. Más rud é, de bhun mhír 5, pointí (b), (c) agus (d), nó mhír 6, nach bhfuil gá le Conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh seachadadh bainne nó táirgí bainne faoi réir Conradh i scríbhinn nó tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfar, le Conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8, an chéad fhomhír.
8. I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne nó táirgí bainne a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus bailitheoirí, próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), déanfar iad a chaibidliú go neamhshrianta idir na páirtithe.
- Féadfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bhunú:
- (a) maidir leis na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

¹⁰ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, <http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj>).

- (i) oibleagáid do na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le caidreamh idir cainníocht áirithe bainne nó táirgí bainne a sheachadtar agus an praghas is iníoctha ar an seachadadh sin;
 - (ii) 6 mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;
- (b) maidir leis na tairiscintí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), oibleagáid go n-áireofar sa tairiscint i scríbhinn fad íosta le haghaidh an chonartha, a leagtar síos leis an dlí náisiúnta. 6 mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí an fad íosta arna fhorchur de bhun an dara fomhír a dhiúltú i scríbhinn.

9. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar cheannaitheoir bainne nó táirgí bainne na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chlárú sula seachadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí an bainne nó na táirgí bainne lena mbaineann chuig bailitheoir, próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir ina gcríoch.
10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear i míreanna 2, 6, 8 agus 9 fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad.
11. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann mhíreanna 4 agus 5 agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 10. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).;

(3) Leasaítear Airteagal 152 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) atá comhdhéanta de tháirgeoirí in earnáil amháin nó i roinnt earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) nó táirgeoirí táirgí orgánacha in earnáil amháin nó i roinnt earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2), agus atá á rialú ag comhaltaí ar feirmeoirí iad, i gcomhréir le hAirteagal 153(2), pointe (c);’;

(ii) i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘(b) a bunaíodh ar thionscnamh feirmeoirí agus a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas:’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c)(vi):

‘(vi) cúnaimh teicniúil a chur chun cinn agus a sholáthar i dtaca le caighdeáin tháirgthe a úsáid, feabhas a chur ar cháilíocht táirgí agus forbairt a dhéanamh ar tháirgí a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu, a bhfuil tásca geografach faoi chosaint acu nó a chumhdaítear le lipéad náisiúnta cáilíochta,

tionscnaimh a chur i gcrích lena gcuirtear chun cinn slabhraí soláthair gairide nó úsáid na dtéarmaí roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 88a;’;

(b) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1a. De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, maidir le heagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo, nó eagraíocht táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumann, nach bhfuil aitheanta mar eagraíocht táirgeoirí ag Ballstát ach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus d’Airteagal 154, féadfaidh sí táirgeadh a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, táirgí a chur ar an margadh agus conarthaí a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeadh iomlán nó do chuid dá dtáirgeadh.’;

(c) i mír 1b, cuirtear isteach an dara fómhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar mhír 1a agus ar an gcéad fhomhír, féadfaidh comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1a, an chéad fhomhír, a dhéanamh freisin, ar choinníoll:

- (a) go bhfuil aitheantas tugtha dá chomhaltaí i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo,
- (b) nach bhfuil a chomhaltaí ina gcomhaltaí de chomhlachas eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí eile i dtaca le haon táirge ar leith,
- (c) go gcomhlíonann a chomhaltaí coinníollacha mhír 1a, an dara fómhír, pointí (a) agus (b),
- (d) nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith líon na dtáirgí a chumhdaítear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a.’;

(4) Leasaítear Airteagal 153 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) rialacha a chuirfidh ar a gcumas do na comhaltaí ar feirmeoirí iad a n-eagraíocht agus cinntí na heagraíochta sin, mar aon lena cuntais agus lena buiséid, a scrúdú go daonlathach;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2a:

‘2a. Féadfar foráil a dhéanamh le reachtanna eagraíochta táirgeoirí maidir leis an bhféidearthacht do chomhaltaí a bheith i dteagmháil dhíreach le ceannaitheoirí, ar choinníoll nach ndéanfaidh an teagmháil dhíreach sin na cuspóirí atá á saothrú ag an

eagraíocht táirgeoirí, nó comhchruinniú an tsoláthair agus cur ar an margadh na dtáirgí atá á dhéanamh ag an eagraíocht táirgeoirí a chur i gcontúirt. Measfar go bhfuil comhchruinniú an tsoláthair á áirithiú ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí gnéithe bunriachtanacha na ndíolachán amhail an praghas, an cháilíocht agus an méid a chaibidil agus a chinneadh.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná mír 2 ar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne ná in earnáil na dtáirgí bainne.’;

(5) in Airteagal 157(1), pointe (c), cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(xvii) úsáid na dtéarmaí roghnacha dá dtagraítear in Airteagal 88a a chur chun cinn.’;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 168:

‘Airteagal 168

Caidreamh conarthach

1. Gach seachadadh táirgí talmhaíochta ó earnáil a liostaítear in Airteagal 1(2) san Aontas, seachas bainne agus táirgí bainne agus siúcra, a dhéanann feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, chuig próiseálaí, bailitheoir nó miondíoltóir, cumhdófar é le conradh i scríbhinn idir na páirtithe.

Comhlíonfaidh an conradh sin na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin:

(a) an seachadadh táirgí talmhaíochta a dhéanann táirgeoir seachas feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir, cumhdófar é le conradh i scríbhinn,

(b) déanfaidh an chéad-cheannaitheoir táirge talmhaíochta tairiscint i scríbhinn ar chonradh maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh, ar seachadadh é a dhéanfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí.

Comhlíonfar, le conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8.

3. Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil comhaontú ann ina leith conradh den sórt sin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt i gcrích nó chun athbhreithniú a dhéanamh ar chonradh den sórt sin.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála atá bunaithe ar a gcríoch.

4. Maidir leis an gconradh nó an tairiscint ar chonradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2:
- (a) déanfar é roimh an seachadadh,
 - (b) déanfar i scríbhinn é, agus
 - (c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:
 - (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, ar praghas é:
 - a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh nó
 - a ríomhfar trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigte agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh na dtáirgí talmhaíochta arna seachadadh; chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. Beidh sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d’aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha.
 - (ii) cainníocht agus cáilíocht na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann a fhéadfar a sheachadadh nó nach mór a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin,
 - (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásal foircinn a bheith san áireamh leis. I gcás conarthaí ar faide ná 6 mhí a bhfad íosta, beidh clásal um athbhreithniú iontu freisin a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, go háirithe, a spreagadh;
 - (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta,
 - (v) socruithe maidir leis na táirgí feirmeoireachta a bhailiú nó a sheachadadh,
 - (vi) na rialacha is infheidhme i gcás *force majeure*.
5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, ní éileofar conradh i scríbhinn ná tairiscint i scríbhinn ar chonradh sna cásanna seo a leanas:
- (a) i gcás ina ndéanann comhalta d’eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann na táirgí talmhaíochta lena mbaineann a sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leis na forálacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4;
 - (b) más micrifhiontar nó fiontar beag de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é céad-cheannaitheoir na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann;
 - (c) i gcás ina ndéanfar na táirgí talmhaíochta lena mbaineann a sheachadadh agus a íoc an tráth céanna;
 - (d) i gcás ina ndéanfar an seachadadh saor in aisce nó i gcomhthéacs diúscartha táirgí talmhaíochta nach bhfuil oiriúnach lena ndíol a thuilleadh.

6. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach mbeidh gá le Conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn i gceann amháin nó níos mó de na cásanna seo a leanas:
- (a) baineann an seachadadh le táirgí ag a bhfuil luach atá cothrom le tairseach luacha áirithe, nó faoi bhun tairisí luacha áirithe, atá le cinneadh ag an mBallstát, agus ar tairseach í nach rachaidh thar EUR 10 000;
 - (b) baineann an seachadadh le táirgí talmhaíochta atá faoi réir luaineachtaí séasúracha soláthair nó éilimh nó meatachta;
 - (c) baineann an seachadadh le táirgí talmhaíochta atá faoi réir cleachtais díola thraidisiúnta nó ghnásúla.
7. Más rud é, de bhun mhír 5, pointí (b), (c) agus (d), nó mhír 6, nach bhfuil gá le Conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh aon táirge talmhaíochta a sheachadfar chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir faoi réir Conradh i scríbhinn idir na páirtithe nó faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfar, le Conradh den sórt sin nó le tairiscint den sórt sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 4 agus 8, an chéad fhomhír.
8. I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe sin agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), déanfar iad a chaibidlíú go neamhsrianta idir na páirtithe.

Féadfaidh na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bhunú:

- (a) maidir leis na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh Ballstát na nithe seo a leanas a bhunú:
 - (i) oibleagáid do na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le caidreamh idir cainníocht áirithe táirgí talmhaíochta a sheachadtar agus an praghas is iníoctha ar an seachadadh sin;
 - (ii) fad íosta, 6 mhí ar a laghad agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh;
- (b) maidir leis na tairiscintí i scríbhinn dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2, oibleagáid go n-áireofar sa tairiscint i scríbhinn fad íosta le haghaidh an chonartha, a leagtar síos leis an dlí náisiúnta chun na críche sin. 6 mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Féadfaidh feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí an fad íosta arna fhorchur de bhun an dara fhomhír a dhiúltú i scríbhinn.

9. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar cheannaitheoir talmhaíochta na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chlárú sula seachadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí talmhaíochta lena mbaineann chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir ina gcríoch.
10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear i míreanna 2, 6, 8 agus 9 fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad.
11. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na bearta is gá maidir le cur i bhfeidhm comhionann mhíreanna 4 agus 5 agus bearta

a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir le mír 10. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).’;

(7) leasaítear Airteagal 210a mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

‘(d) tacú le hinmharthanacht eacnamaíoch feirmeacha beaga a bhraitheann go príomha ar shaothar teaghlaigh ag a bhfuil aschur caighdeánach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle¹¹ nach rachaidh thar EUR 100 000;

(e) táirgeoirí óga táirgí talmhaíochta a mhealladh agus tacú leo; nó

(f) feabhas a chur ar dhálaí oibre agus sábháilteachta i ngníomhaíochtaí talmhaíochta nó próiseála.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘Ón 8 Nollaig 2023, féadfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le cur chun feidhme caighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar síos i mír 3, pointí (a), (b) agus (c), leis an Airteagal seo.

Ón [teacht i bhfeidhm +2 bhliain], féadfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le cur chun feidhme caighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar síos i mír 3, pointí (d), (e) agus (f), leis an Airteagal seo.

Seolfaidh an Coimisiún a thuairim chuig an iarratasóir laistigh de 4 mhí ó iarraidh foriomlán a fháil.

Má chinneann an Coimisiún tráth ar bith i ndiaidh tuairim a eisiúint nach bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1, 3, agus 7 den Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh, dearbhóidh sé go mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE amach anseo maidir leis an gcomhaontú, an cinneadh nó an cleachtas comhbheartaithe atá i gceist agus cuirfidh sé na táirgeoirí ar an eolas dá réir sin.

Féadfaidh an Coimisiún ábhar tuairime a athrú, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, go háirithe más rud é gur chuir an t-iarratasóir faisnéis neamhbheacht ar fáil nó má bhain sé mí-úsáid as an tuairim.’;

(8) in Airteagal 222, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj>).

‘1. Le linn tréimhsí ina bhfuil míchothromaíocht thromchúiseach sna margáí, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a mbeidh sé d’éifeacht acu nach mbeidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe agus cinntí feirmeoirí, comhlachais feirmeoirí nó comhlachais de na comhlachais sin, nó eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe in aon cheann de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, ar choinníoll nach mbainfear, leis na comhaontuithe agus na cinntí sin, an bonn d’fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go mbeidh d’aidhm dhocht acu an earnáil lena mbaineann a chobhsú agus go dtiocfaidh siad faoi cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- (a) tarraingt siar ón margadh nó leithdháileadh saor in aisce a gcuid táirgí;
- (b) trasfhoirmiú agus próiseáil;
- (c) stóráil a dhéanann oibreoirí príobháideacha;
- (d) bearta cur chun cinn comhpháirteacha;
- (e) comhaontuithe maidir le ceanglais cháilíochta;
- (f) comhcheannach na n-ionchur is gá chun leathadh lotnaidí agus galar in ainmhithe agus plandaí san Aontas a chosc nó comhcheannach na n-ionchur is gá chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí tubaistí nádúrtha san Aontas;
- (g) pleanáil shealadach an táirgthe, lena gcuirtear san áireamh cineál sonrath an timhrialla táirgthe;

I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den Airteagal seo, féadfaidh sé a chinneadh tacaíocht ón Aontas as an gcúlchiste talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116 a chur ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann. Cuirfidh an tacaíocht airgeadais sin na hacmhainní ar fáil is gá chun go gcuirfidh na hoibreoirí lena mbaineann na comhaontuithe agus na cinntí sin chun feidhme.

Sonróidh an Coimisiún i ngníomhartha cur chun feidhme raon feidhme an mhaolaithe sa chéad fhomhír, faoi réir mhír 3 den Airteagal seo, an tréimhse a mbeidh feidhm ag an maolú ina leith, agus, i gcás inarb infheidhme, méid an chúlchiste talmhaíochta arna leithdháileadh ar an mBallstát lena mbaineann faoin dara fhomhír.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 229(2).’;

- (9) leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(a) i bPointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1:

‘1. Déanfar na conarthaí seachadta roimh an seachadadh i scríbhinn maidir le cainníocht shonrach biatais.

(b) i bPointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 1:

‘2. Féadfaidh fad ilbhliantúil a bheith ag baint leis na conarthaí seachadta. I gcás conarthaí ar faide ná 6 mhí a bhfad íosta, beidh clásal um athbhreithniú iontu a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh;

(c) i bPointe II, pointe 2, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘Déanfar an praghas a ríomh trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhiatais siúcra arna sheachadadh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. Tá sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d’aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha.’;

(d) i bPointe III, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘Beidh rialacha is infheidhme i gcás *force majeure* i gconarthaí seachadta.’;

(e) cuirtear isteach an Pointe IXa seo a leanas:

‘POINTE IXa

‘Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar an ngnóthas siúcra na conarthaí seachadta i scríbhinn a chlárú sula seachadfar an biatas siúcra.’.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/2115

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear isteach an pointe (i) seo a leanas:

‘(i) go gcuireann eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí clár oibríochtúil chun feidhme i mBallstát ina bhfuil leibhéal eagrúcháin na dtáirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí go mór faoi bhun 10 % le haghaidh 3 bliana as a chéile roimh chur chun feidhme an chláir oibriúcháin. Déanfar an leibhéal eagrúcháin a ríomh mar an luach a bhí ar tháirgeacht na dtorthaí agus na nglasraí sa Bhallstát lena mbaineann agus a chuir na heagraíochtaí táirgeoirí nó na comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ar an margadh, arna roinnt ar luach iomlán na táirgeachta torthaí agus glasraí a bhí sa Bhallstát sin.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 5a seo a leanas:

‘5a. Déanfar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a mhéadú go 60 % i gcás caiteachas a nasctar leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (a), (b) nó (c), má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) baineann an caiteachas le hinfheistíochtaí i sócmhainní inlámhsithe agus doláimhsithe dá dtagraítear in Airteagal 47(1), pointe (a), arna ndéanamh ag feirmeoirí óga nó ag feirmeoirí nua, a théann isteach in eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 den chéad uair;

(b) déantar na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ag áitreabh na bhfeirmeoirí óga sin nó na bhfeirmeoirí nua sin mar chuid dá gcéad chlár oibríochtúil.’;

(c) cuirtear isteach an mhír 7 seo a leanas:

‘7. Méadófar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 go 70 % den chaiteachas iarbhír a thabhófar in aon bhliain ar leith le haghaidh clár oibríochtúla a chuirfidh eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí chun feidhme agus a mbeidh tionchar ag teagmhais dhíobhálacha aeráide, tubaistí nádúrtha, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí a bheidh le sainaitheint ag na Ballstáit orthu i mbliana.’;

(2) in Airteagal 68, cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. Beidh feidhm ag Airteagal 52(3), pointí (a) go (d) agus (f) go (h), agus Airteagal 52(5a) den Rialachán seo *mutatis mutandis*.’;

(3) in Airteagal 88, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

‘7. Ó 2025 ar aghaidh, féadfaidh na Ballstáit a gcinntí dá dtagraítear i mír 6 a athbhreithniú mar chuid d’iarraidh ar leasú ar a bPlean Straitéiseach CBT arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 119 agus féadfaidh siad a chinneadh suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn V, i gcás inarb ábhartha, tar éis na leithdháiltí le haghaidh cadáis a asbhaint arna leagan amach in Iarscríbhinn VIII, le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, Roinn 7.

An méid a chomhfhreagraíonn do chéatadán leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo agus a úsáidtear le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile le linn bliain áirithe airgeadais, measfar gur leithdháiltí na mBallstát iad in aghaidh na bliana airgeadais le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile.’

Airteagal 3
Leasú ar Rialachán (AE) 2021/2116

In Airteagal 16(1), an dara fohír de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2021/2116, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) bearta eisceachtúla faoi Airteagail 219, 220, 221 agus 222 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.’.

Airteagal 4
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (1), ón [+2 bhliain].

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2) agus (6), ón [+18 mí].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán